II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/836 ÓN gCOMHAIRLE

an 30 Bealtaine 2022

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) 2016/1686 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise i gcoinne ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintiteas nó comhlachtaí a bhaineann leo

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1686 ón gComhairle an 20 Meán Fómhair 2016 lena bhforchuirtear bearta sriantacha breise atá dírithe in aghaidh ISIL (Da'esh) agus Al-Qaeda, agus daoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo [1], agus go háirithe Airteagal 4(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 20 Meán Fómhair 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/1686.

(2) I bhfianaise na bagartha leanúnaí ó ISIL (Da'esh) agus ó Al-Qaeda agus ó dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a bhaineann leo, ba cheart beirt agus grúpa amháin a chur le liostaí na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2016/1686 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 30 Bealtaine 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. COLONNA

[1] IO L 255, 21.9.2016, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/1686mar a leanas:

(1) cuirtear isteach na hiontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal "A. Daoine nádúrtha dá dtagraítear in Airteagal 3":

"10. Faruq AL-SURI (dá ngairtear freisin, Samir Hijazi, Samir 'Abd al-Latif Hijazi, Abu Hammam Al-Shami, Abu Humam Al-Shami, Abu Hammam Al-'Askari); dáta breithe: 1977; áit bhreithe: an Damaisc, an tSiria; inscne: fireann; náisiúntacht: Siriach (meastar).

11. Sami AL-ARIDI (dá ngairtear fresin Abu Mohammad Al-Shami, Abu Mahmud Al-Sham, Abu Mahmud Al-Shami, Sami Al-oride, Sami Al-Oraidi, Sami Al-Oraydi, Sheikh Dr Sami Al-Uraydi); dáta breithe: 1973; inscne: fireann; náisiúntacht: Iordánach (meastar).";

(2) cuirtear isteach an iontráil seo a leanas faoin gceannteideal "B. Daoine dlítheanacha, eintitis agus comhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 3":

"3. Hurras AL-DIN (HaD) (dá ngairtear freisin. Hurras al-Deen, Huras-al-Din, Guardians of Religion, Tanzim Hurras Al-Din, Tandhim Hurras Al-Deen, Sham Al-Ribat, Al-Qaida in Syria, AQ-S).".